Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Samhain 2022
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0392(COD)**

**15400/22**
**ADD 4**

**PI 170**
**COMPET 968**
**MI 884**
**IND 520**
**IA 208**
**CODEC 1864**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Samhain 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2022) 369 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle maidir le dearaí Comhphobail agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2246/2002 ón gCoimisiún agus Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cosaint dhlíthiúil dearaí (athmhúnlú) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2022) 369 final.

---

Faoi iamh: SWD(2022) 369 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.11.2022
SWD(2022) 369 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh**
**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle maidir le dearaí Comhphobail agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2246/2002 ón gCoimisiún**

**agus**

**Togra le haghaidh**
**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le cosaint dhlíthiúil dearaí (athmhúnlú)**

{COM(2022) 666 final} - {COM(2022) 667 final} - {SEC(2022) 422 final} - {SWD(2022) 367 final} - {SWD(2022) 368 final}

## Bileog Achoimre Feidhmiúcháin

Measúnú tionchair maidir le Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle maidir le dearaí Comhphobail agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2246/2002 ón gCoimisiún agus maidir le Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint dhlíthiúil dearaí (athmhúnlú).

### A. An gá atá le beart

**Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?**

Rinneadh ailíniú páirteach ar dhlíthe na mBallstát lena bhforáiltear do chosaint dearaidh ar an leibhéal intíre le Treoir 98/71/CE maidir le Dearadh. In 2003 bunaíodh cosaint aonadach le Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 maidir le Dearadh Comhphobail le haghaidh dearaí mar chomhlánú leis na córais náisiúnta, (i.e. agus héifeacht chomhionann léi ar fud an Aontais). Cé go gcláraíonn oifigí náisiúnta maoine intleachtúla (IP) na mBallstát na dearaí náisiúnta, is í Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) a chláraíonn agus a riarann dearaí Comhphobail (RCDanna). Dá bhrí sin, ag brath ar scála críochach na gníomhaíochta eacnamaíche, is féidir le gnóthais agus dearthóirí ceart deartha atá cláraithe ar bhonn náisiúnta nó Comhphobail a roghnú nó is féidir leo cur isteach ar chosaint chomhthreomhar laistigh den chríoch chéanna agus í a chothabháil trí bhíthin na gcóras náisiúnta agus Comhphobail araon. Is ionann 'Comhphobal' sa chiall seo agus 'AE'.

Is í cosaint an mhargaidh iardhíola le haghaidh páirteanna spártha infheicthe an phríomh-shaincheist atá fós gan réiteach. Ceadaíonn 12 Bhallstát saoriomaíocht san earnáil sin, ach coinníonn na Ballstáit eile monaplacht na monaróirí, d'ainneoin spreagadh chun an margadh a oscailt a bheith leabaithe sa Treoir maidir le Dearadh.

Is beag athrú a rinneadh ar reachtaíocht an Aontais maidir le cosaint dearaidh ó glacadh í. Thángthas ar an gconclúid i meastóireacht a rinneadh ar an reachtaíocht sin (SWD (2020) 264 final) go n- oibríonn an córas cosanta dearaidh san Aontas go maith tríd is tríd ach go bhfuil easnaimh áirithe ann ar gá aghaidh a thabhairt orthu ionas go mbeidh sé oiriúnach dá chuspóir sa ré dhigiteach, go mbeidh rochtain níos fearr ag gnólachtaí, FBManna (fiontair bheaga agus mheánmhéide) agus dearthóirí aonair air agus go mbeidh sé níos éifeachtúla lena n- aghaidh.

D'fhógair an Coimisiún, dá bhrí sin (i dteachtaireacht uaidh in 2020) go ndéanfaidh sé athbhreithniú ar reachtaíocht an Aontais maidir le cosaint dearaidh. Thacaigh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle leis an athbhreithniú sin.

Is é is aidhm don athbhreithniú sin aghaidh a thabhairt ar dhá fhadhb phríomha go háirithe:

1. An suaitheadh i dtrádáil laistigh den Aontas agus na bacainní ar an iomaíocht i ndáil le páirteanna spártha deisiúcháin i roinnt de na Ballstáit, arb iad an fhadhb is tábhachtaí.
2. An lagmhisneach a bhíonn ar ghnólachtaí, go háirithe FBManna agus dearthóirí aonair i ndáil le cosaint dearaidh chláraithe a lorg ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta i ngeall ar na nósanna imeachta atá as dáta go páirteach agus na táillí fo- optamacha nach mór a íoc as an RCD, chomh maith leis na rialacha éagsúla ar an leibhéal náisiúnta nach bhfuil i gcomhréir fós le rialacha an chórais RCD.

**Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?**

Is é is aidhm ginearálta don tionscnamh seo rannchuidiú le feabhas sa dearadh, nuálaíocht agus iomaíochas san Aontas a chur chun cinn trína áirithiú go mbeidh an córas cosanta dearaidh oiriúnach dá fheidhm sa ré dhigiteach agus go n- éireoidh sé níos inrochtana agus níos éifeachtúla le haghaidh dearthóirí aonair, FBManna agus tionscail dian- dearaidh. Thairis sin, tá sé d'aidhm leis an tionscnamh an margadh aonair le haghaidh páirteanna spártha deisiúcháin a chomhlánú.

Is ionann na cuspóirí ginearálta sin agus na 3 chuspóir shonracha seo a leanas:

i. an margadh iardhíola le haghaidh páirteanna spártha a oscailt ar mhaithe le hiomaíocht;
ii. feabhas a chur ar inrochtaineacht, éifeachtúlacht agus inacmhainneacht chosaint dearaidh Comhphobail chláraithe;
iii. comhlántacht agus idir- inoibritheacht idir córas dearaí an Chomhphobail agus na córais dearaí náisiúnta a mhéadú, go háirithe trí na rialacha nós imeachta a ailíniú.

**Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?**

Cuireann tionscail dian- dearaidh go mór le geilleagar an Aontais: in 2014- 2016 ba ionann iad agus beagnach 16 % de OTI an Aontais agus 14 % de na poist go léir. Má shaothraítear cuspóirí an tionscnaimh seo, dá bhrí sin, is dealraitheach go mbeidh tionchar dearfach aige sin ar thionscail dian- dearaidh den sórt sin, lena n- áirítear maidir le rannchuidiú le fostaíocht.

Ba trí bhíthin an Rialacháin de chuid an Aontais a cruthaíodh córas dearaí an Chomhphobail agus mar sin ní féidir é a athrú ach amháin tríd an Rialachán sin. Is tríd an Treoir maidir le Dearadh ba cheart leanúint de bhearta lena ndírítear ar leibhéal chomhfhogasú na rialacha náisiúnta atá ann cheana i leith dearaidh a shíneadh agus dá dheasca sin is ar leibhéal an Aontais amháin is féidir iad a dhéanamh, ós rud é freisin gur gá comhsheasmhacht leis an gcóras RCD a áirithiú.

A mhéid a bhaineann le saincheist na bpáirteanna spártha go sonrach, ní féidir an margadh aonair a chomhlánú ach amháin ar leibhéal an Aontais. Taispeánadh sna Ballstáit, le taithí de bhreis ar 20 bliain leis an Treoir maidir le Dearadh atá ann faoi láthair, nach ann d'aon treocht láidir i dtreo ailíniú ar bhonn deonach nó ailíniú trí bhíthin féin- rialála ag an tionsclaíocht.

Le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais, d'áiritheofaí mar sin go n- éireodh an córas cosanta dearaidh san Eoraip ina iomláine i bhfad níos inrochtana agus níos éifeachtúla le haghaidh gnólachtaí, go háirithe FBManna agus dearthóirí aonair. Dá ndéanfaí an margadh aonair le haghaidh páirteanna spártha a chomhlánú, mhéadófaí an iomaíocht agus bheadh sin go mór chun tairbhe tomhaltóirí, a bheadh in ann rogha a dhéanamh idir páirteanna spártha iomaitheora ar phraghsanna níos ísle.

## B. Réitigh

**Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?**

- *Bunlíne – gan athrú:*Leantar leis na rialacha agus na nósanna imeachta atá ann faoi láthair.

Maidir le cosaint páirteanna spártha, tá ann do 3 rogha bheartais mar a leanas:

- **Rogha 1.1 - Léirscaoileadh iomlán le haghaidh na ndearaí go léir:** : Ba cheart margadh na bpáirteanna spártha 'tá meaitseáil riachtanach' a oscailt ar mhaithe le hiomaíocht san Aontas, trí dhearaí atá ann cheana agus dearaí nua a chumhdach ann.
- **Rogha 1.2 – Léirscaoileadh iomlán ar an toirt le haghaidh dearaí nua agus ina dhiaidh sin léirscaoileadh iomlán le haghaidh sean- dearaí tar éis idirthréimhse 10 mbliana**: Bheadh sí cosúil le rogha 1.1. ach leanfadh dearaí a deonaíodh roimh theacht i bhfeidhm an ghnímh nua de bheith cosanta le haghaidh idirthréimhse 10 mbliana.
- **Rogha 1.3 – Léirscaoileadh iomlán le haghaidh dearaí nua amháin:** Ní dhéanfaí aon difear do dhearaí a deonaíodh roimh theacht i bhfeidhm an ghnímh agus cheadófaí iad a chosaint ar feadh téarma uasta de 25 bliain.

Maidir leis na nósanna imeachta casta RCD, tá rogha amháin (lena dtacaítear d'aon toil) ann:

- **Rogha 2 - Simpliú agus cuíchóiriú na nósanna imeachta RCD**, amhail trí na ceanglais a nuachóiriú i ndáil le léiriú dearaidh agus trí chomhdú iarratas iolrach a éascú trí dheireadh a chur leis an gceanglas 'aontacht aicme'.

Maidir leis na táillí RCD fo- optamacha, is ann do 1 rogha agus 2 fho- rogha:

- **Rogha 3 - Táille cláraithe RCD níos ísle agus iarratais iolracha níos fusa:** Ceadaítear rochtain níos éasca ar chosaint RCD faoin tsamhail sin, go háirithe le haghaidh FBManna (sealbhú níos saoire an chirt agus na chéad athnuachana), trí chuideachtaí a dhíspreagadh i gcomhthráth ó thaobh dearaí neamhúsáidte a choinneáil ar bun sa chlár trí na táillí athnuachana ina dhiaidh sin a mhéadú.

  **Fo-rogha 3.1**: laghdaítear an táille cláraithe le haghaidh RCD amháin ó EUR 350 go dtí EUR 250. Maidir le gach dearadh breise ar cuid d'iarratas iolrach é, laghdaítear an táille go dtí EUR 125. Is é EUR 70 an táille le haghaidh na chéad athnuachana; EUR 140 le haghaidh an

dara hathnuachan; EUR 280 le haghaidh an tríú hathnuachan; EUR 560 le haghaidh an ceathrú hathnuachan.

**Fo-rogha 3.2**: is é EUR 250 an táille cláraithe freisin ach tá gach dearadh breise in iarratas iolrach lascainithe tuilleadh go dtí EUR 100. Tá na táillí athnuachana go léir níos airde ná mar atá faoin gcóras atá ann faoi láthair. Is é EUR 80 an táille le haghaidh na chéad athnuachana; EUR 160 le haghaidh an dara hathnuachan; EUR 320 le haghaidh an tríú hathnuachan; EUR 640 le haghaidh an ceathrú hathnuachan.

Maidir leis na rialacha éagsúla ar an leibhéal náisiúnta, is ann do 2 rogha:

- **Rogha 4.1**: Ailíniú páirteach breise na ndlíthe náisiúnta, rud lena ngabhfaidh comhsheasmhacht mhéadaithe leis an gcóras RCD. Tá sé i gceist leis an rogha seo forálacha a chur isteach sa Treoir maidir le Dearadh a bhaineann le gnéithe roghnaithe dhlí an dearaidh nach dtugtar aghaidh orthu go fóill agus a shainaithin geallsealbhóirí mar ghnéithe a mbaineann an gá is mó leo ó thaobh ailíniú leis an Rialachán maidir le Dearadh Comhphobail (go háirithe a mhéid a bhaineann le nósanna imeachta).
- **Rogha 4.2**: Ailíniú iomlán na ndlíthe agus na nósanna imeachta náisiúnta. Bheadh an cur chuige seo bunaithe ar Rogha 4.1, agus bheadh na comhpháirteanna a luaitear thuas cuimsithe inti, ach áireofaí inti na gnéithe eile go léir den dlí substainteach agus de na nósanna imeachta substainteacha atá ina gcodanna den Rialachán maidir le Dearadh Comhphobail ach nach codanna den Treoir maidir le Dearadh iad.

Moltar teaglaim de roghanna lena n- áirítear **rogha 1.2**; **rogha 2**, **rogha 3.1** agus **rogha 4.1**.

Meastar gurb é Rogha 1.2 an rogha is comhréirí chun ailíniú iomlán maidir le prionsabal an léirscaoilte a bhaint amach sa mhargadh aonair. Tá sí i gcomhréir le meanma chóras sealadach na bpáirteanna spártha sa Treoir maidir le Dearadh, lena ndírítear ar léirscaoileadh iomlán mhargadh na bpáirteanna spártha san Aontas a bhaint amach.

Tá an rogha seo i gcomhréir freisin leis an méid a bhí ar intinn ag an gCoimisiún sa togra roimhe seo in 2004 agus tá sí comhsheasmhach chomh maith agus comhlántach le Rialachán (AE) 461/2010 (An Rialachán maidir le Blocdhíolúine Mótarfheithiclí nó RBM) sa réimse in aghaidh trustaí. Chuideodh léirscaoileadh mhargadh na bpáirteanna spártha leis an gcóras sin in aghaidh trustaí na tairbhí iomlána a bhaint amach d'fhiontair agus tomhaltóirí sa mhargadh iardhíola le haghaidh mótarfheithiclí.

Mar chlabhsúr, tá rogha 1.2 comhsheasmhach agus comhlántach freisin le hiarrachtaí a mholtar sa Tionscnamh maidir le Táirgí Inbhuanaithe arb é is aidhm dó deisiúcháin agus an geilleagar ciorclach a chur chun cinn, agus tá sé i gcomhréir leis an gComhaontú idirnáisiúnta maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil (TRIPS).

Le Rogha 2 in éineacht le Rogha 3.1 dhéanfaí cosaint RCD níos inrochtana agus níos inacmhainne do ghnólachtaí (á gcoinneáil cothrom le dáta maidir le dul chun cinn teicneolaíoch) agus tá an chuma ar an scéal go mbainfidh tionchair shonracha dhearfacha agus tairbhí shoiléire do ghnólachtaí mar gheall orthu, go háirithe do FBManna agus do dhearthóirí aonair.

Le Rogha 4.1, go háirithe dá gcuirfí rialacha nós imeachta príomha leis an Treoir maidir le Dearadh, i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Dearadh Comhphobail, dhéanfaí níos fusa do ghnólachtaí agus do dhearthóirí é cosaint dearaidh a fháil feadh na mBallstát, lena n- áirítear trí úsáid na gcóras náisiúnta agus RCD le chéile, agus bhainfeadh costas níos lú leis an méid sin.

Bheadh tionchar dearfach ag an rogha sin ar an gcomhar idir EUIPO agus na hoifigí náisiúnta IP i dtéarmaí cóineasú méadaitheach cleachtas a éascú agus uirlisí coiteanna a fhorbairt le haghaidh réimsí nua i gcás go mbeadh ailíniú inmhianaithe (e.g. neamh- bhailíochtú dearaí). Tá an chuma ar an scéal go nginfear tairbhí glana breise d'úsáideoirí na gcóras cosanta dearaidh agus go gcuirfear feabhas i gcomhthráth ar an gcomhlántacht agus ar an idir- inoibritheacht a ghabhann leo.

Mar gheall ar anailís a rinneadh agus an taithí a fuarthas de bharr cur chuige deonach, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur cheart go gcuirfí na roghanna go léir a mholtar i bhfeidhm trí athruithe reachtacha a dhéanamh ar an Treoir maidir le Dearadh agus ar an Rialachán maidir le Dearadh

Comhphobail.

**Cé na roghanna a dtacaíonn na páirtithe leasmhara leo?**

Tá údaráis na mBallstát, Parlaimint na hEorpa, tionscail diandearaidh, comhlachais shealbhóirí an chirt dearaidh agus aturnaetha agus gníomhairí maoine intleachtúla go mór ar son an nuachóirithe, an chuíchóirithe agus ailíniú breise na gcóras cosanta dearaidh san Aontas i dtéarmaí roghanna 2, 3 agus 4.1.b.

Tá monaróirí agus dáileoirí neamhspleácha páirteanna spártha, comhlachais a dhéanann ionadaíocht ar a gcuid leasanna siúd, an lucht léinn, agus eagraíochtaí tomhaltóirí go mór ar son mhargadh iardhíola na bpáirteanna spártha a oscailt suas i dtéarmaí rogha 1.2.

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

**Cé na tairbhí a bhaineann leis an rogha thosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad tairbhí na bpríomhroghanna)?**

**I gcás tomhaltóirí**: Bheadh coigiltis de EUR 340- 544 milliún i gceist le léirscaoileadh an mhargaidh iardhíola i bpáirteanna spártha trí rogha 1.2. Bheadh na coigiltis sin réadaithe ina n- iomláine i ndiaidh na hidirthréimhse 10 mbliana a mholtar. Le linn na tréimhse sin mhéadódh na tairbhí gach bliain ó EUR 4 mhilliún go dtí EUR 13 mhilliún.

**Maidir le gnóthais agus daoine aonair a chuireann isteach ar chosaint dearaidh:** Trí tháillí RCD a choigeartú trí bhíthin rogha 3.1. laghdófaí an costas i dtaca le rochtain bhunúsach ar chlárú agus bhainfeadh coigiltis bhliantúla de EUR 6m dóibh siúd a bheadh ag cosaint dearaí ar feadh 5 bliana go 10 mbliana.

Tríd an gcóras RCD a shimpliú agus a chuíchóiriú trí bhíthin rogha 2 d'éascófaí rochtain ar chlárú agus d'áireofaí intuarthacht agus deimhneacht dhlíthiúil níos fearr i gcomhthráth. A mhéid agus ab fhéidir an méid sin a chainníochtú, bheadh coigiltis bhliantúla de EUR 1,6 milliún i gceist dá mba rud é gur tugadh na ceanglais i ndáil le léiriú dearaidh cothrom le dáta, agus bheadh féidearthacht níos fearr ann chun iarratais iolracha a chur isteach.

Trí na rialacha a ailíniú tuilleadh trí bhíthin rogha 4.1, dhéanfaí níos fusa do ghnólachtaí agus do dhearthóirí é cosaint dearaidh a fháil feadh na mBallstát, lena n- áirítear trí úsáid na gcóras náisiúnta agus RCD le chéile, agus bhainfeadh costas níos lú leis an méid sin. Bheadh intuarthacht níos fearr i gceist leis (laghdófaí an gá le saineolas seachtrach a fháil), chuideofaí le laghdú na gcostas i mbainistíocht phunanna IP, agus d'éascófaí cealú dearaí cláraithe nach fiú iad a chosaint.

**Maidir le EUIPO**: trí nósanna imeachta a shimpliú agus a chuíchóiriú trí bhíthin rogha 2 chumasófaí EUIPO chun oibríochtaí RCD a chur i gcrích ar bhonn níos éifeachtúla (bheadh laghdú ar láimhseáil iarratas easnamhach; mar gheall ar ailíniú le nósanna imeachta trádmharc de chuid an Aontais, chuirfí sreafaí oibre agus timpeallacht chúloifige TF i gcrích ar bhonn ní ba réidhe). Leis sin d'éascófaí tuilleadh cur i gcrích an chúraim atá ar EUIPO coinbhéirseacht cleachtas agus uirlisí a chur chun cinn i gcomhar leis na hoifigí náisiúnta IP (ag úsáid EUIPO mar thagarmharc).

**Maidir leis na Ballstáit agus na hOifigí náisiúnta IP**: Trí na rialacha a ailíniú tuilleadh trí bhíthin rogha 4.1 chumasófaí na hoifigí náisiúnta IP chun éirí níos tarraingtí agus níos iomaíche laistigh den chóras dhá leibhéal san Aontas. Dá ndéanfaí na rialacha a ailíniú tuilleadh chumasófaí na hoifigí sin freisin chun tairbhe a bhaint as comhar méadaithe le EUIPO chun coinbhéirseacht cleachtas agus uirlisí a chur chun cinn.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

**Maidir le monaróirí mótarfheithiclí:** Ní bhainfeadh aon chostas breise dóibh, ach de thoradh léirscaoileadh mhargadh iardhíola na bpáirteanna spártha bhainfeadh caillteanas ioncaim dóibh a bheadh comhfhreagrach leis na coigiltis lena bhfuil coinne le haghaidh tomhaltóirí.

**Maidir le gnóthais agus daoine aonair a chuireann isteach ar chosaint dearaidh:** Bheadh roinnt oiriúnú do rialacha nua de dhíth dá ndéanfaí na córais cosanta dearaidh a athchóiriú, lena n- áirítear próiseas foghlama.

| |
|---|
| **Maidir le EUIPO**: Dá ndéanfaí simpliú trí bhíthin rogha 2 (dá méadófaí an rogha chun iarratais iolracha a chur isteach) agus dá ndéanfaí táillí a choigeartú trí bhíthin rogha 3.1 bheadh caillteanas ioncaim i gceist a bheadh comhfhreagrach le coigiltis táillí ag gnólachtaí agus daoine aonair. Bheadh costais (costais bheaga) chur chun feidhme i ndáil le hoiriúnú sreafaí oibre agus próiseas TF i gceist leis na roghanna freisin.<br><br>**Maidir leis na Ballstáit agus na hOifigí náisiúnta IP:** Beidh costais chur chun feidhme i gceist le rialacha a chomhchuibhiú tuilleadh trí bhíthin Rogha 4.1, go háirithe i réimse na nósanna imeachta (e.g. imeachtaí neamhbhailíochta oifig-bhunaithe a bhunú). Meastar go bhfuil na costais sin iníoctha agus comhréireach araon, áfach. |
| **Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?** |
| Bheadh simpliú nósanna imeachta RCD trí bhíthin rogha 2 agus coigeartú táillí RCD de bhíthin rogha 3.1 an- tairbhiúil do FBManna, mar d'éascófaí rochtain ar chlárú dearaidh agus dhéanfaí an clárú don chéad tréimhse 5 bliana nó 10 mbliana níos inacmhainne. I gcomparáid le gnóthais mhóra, ní hamháin gur gnách do FBManna níos lú dearaí a chomhdú ach roghnaíonn siad tréimhsí cosanta níos giorra freisin.<br><br>Le Rogha 4.1 d'éascófaí rochtain ar chosaint dearaidh ar fud na mBallstát freisin, go háirithe do FBManna (lena n-áirítear trí chórais náisiúnta agus córais RCD a úsáid le chéile toisc go mbeidís níos idir-inoibrithe). Tharlódh sin mar thoradh ar intuarthacht agus deimhneacht dhlíthiúil níos fearr a bheith ann freisin, toisc go mbíonn cuideachtaí beaga ní ba spleáiche ar shaineolas dlíthiúil ón taobh amuigh.<br><br>Dá gcuirfí nósanna imeachta neamhbhailíochta oifig- bhunaithe ar fáil chuideofaí tuilleadh, le FBManna go háirithe, ó thaobh dearaí neamhbhailí a bhaint go héifeachtach ó na cláir dearaidh. |
| **An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** |
| Ghearrfaí costais íosta, chomhréireacht chur chun feidhme ar Oifigí náisiúnta IP na mBallstát de thoradh ailíniú méadaithe na rialacha, go háirithe maidir le nósanna imeachta dearaidh. |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** |
| Níltear ag tnúth le haon tionchar suntasach eile. |
| **D. Bearta leantacha** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Cúig bliana tar éis thús infheidhmeacht iomlán an Rialacháin chuirfeadh an Coimisiún tuarascáil ar chur chun feidhme an Rialacháin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus Chomhairle an Aontais Eorpaigh. |